

## FOLÚNTAS

### Aistritheoir / Profléitheoir á Lorg

Cuirfidh Europus fáilte roimh iarratais ar phost mar aistritheoir/phrofléitheoir in oifig an chomhlachta ar an gCeathrú Rua, Co. na Gaillimhe. Post bliana atá i gceist ach d'fhéadfaí síneadh a chur leis ina dhiaidh sin.

Fáilteofar roimh iarratais ó chéimithe a bhfuil togha na Gaeilge agus an Bhéarla scríofa agus labhartha acu chomh maith le taithí sa tionscal aistriúcháin.

Beidh buntáiste ag an té a bhfuil eolas aige ar theicneolaíocht an aistriúcháin agus Séala an Aistritheora bainte amach aige.

Seol litir iarratais chomh maith le CV chuig

[isadora@europus.ie](mailto:isadora@europus.ie)

**Dé hAoine an 23 Aibreán 2021 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.**

*Déanfar gearrliosta d'iarrthóirí a ghlaofar chun agallaimh agus scrúdú.*